

AISTRITHEOIRÍ ÓGA

Comórtas aistriúcháin (go Gaeilge) do theangeolaithe óga na hÉireann

Cathain agus conas?

Mí na Nollag agus Mí Eanáir:

An tréimhse chlárúcháin don chomórtas. Tá tuilleadh eolais le fáil ar shuíomh gréasáin Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn – ec.europa.eu/ireland/education/events_ga

Mí Feabhra: Lá an chomórtais

Déanann daltaí ar fud na tíre an comórtas ina scoileanna féin ar an lá céanna.

Mí Aibreáin/Mí na Bealtaine:

Fógraítear buaiteoirí an chomórtais ag searmanas i mBaile Átha Cliath.

6 chatagóir atá sa chomórtas agus bíonn duais ann do gach ceann de na catagóirí sin: duais as an aistriúchán is fearr ó Bhéarla i ngach cúige, duais speisialta as an aistriúchán is fearr ó theanga seachas an Béarla, agus príomhdhuais as an aistriúchán is fearr as oileán na hÉireann.



Cén fáth?

Tá an comórtas seo ina chuid d'iarracht fhorleathan daoine a chur ar an eolas faoi thábhacht stádas na Gaeilge mar theanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh. Is iad spriocanna an chomórtais ardchaighdeán Gaeilge a chur chun cinn i measc daltaí scoile, an t-ilteangachas a spreagadh agus suim daoine óga a mhúscailt i ngairmeacha le Gaeilge.

Tá an comórtas seo á reáchtáil ag an gCoimisiún Eorpach i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ó 2017 i leith.

Is comórtas é le haghaidh daltaí meánscoile in Éirinn, thuaidh agus theas, a bhfuil 15 bliana slánaithe acu ar an 1 Méan Fómhair den scoilbhliain sin agus a bhfuil sé ar a gcumas aistriúchán a dhéanamh ó Bhéarla go Gaeilge, nó ó roinnt eile de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh go Gaeilge.



Ag labhairt dó faoin gcomórtas in 2018, dúirt an tAire Stáit Joe McHugh, gur deis é do dhaoine óga ***'léargas a fháil, den chéad uair, ar obair an aistritheora'***.

Agus in 2019, dúirt Aislínn McCrory, Ceann Aonad an Aistriúcháin Gaeilge sa Choimisiún Eorpach, gur ***'dea-chomhartha do thodhchaí an aistriúcháin is ea caighdeán aistriúcháin na mbuaiteoirí'***.

Tuilleadh eolais

Suíomh gréasáin Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpach in Éirinn – ec.europa.eu/ireland/education/events_ga



www.facebook.com/aistritheoir agus www.facebook.com/EUIreland



www.twitter.com/euireland agus www.twitter.com/deptahg

#AistritheoiríÓga



An Coimisiún Eorpach



An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeilteacht
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht

